Gortú i measc leanaí scoile in Éirinn

Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins agus foireann HBSC na hÉireann, an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.
Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.

Staidéar taighde is ea Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde[1] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (An Eoraip) agus a chomhordaigh an tOllamh Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2006, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 10,334 leanbh scoile in Éirinn. Roghnaíodh na leanaí seo ó scoile-anna randamacha ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:
http://www.hbsc.org
http://www.nuigalway.ie/hbsc/

Achoimre

Tá sé faighte amach ag HBSC na hÉireann 2006 go léiríonn 42.7% de leanaí scoile in Éirinn gur bhain gortú dóibh agus gurbh éigin dóibh cóir leighis a fháil ó dhochtúir nó ó altra le linn na bliana roimhe sin (51.1% buachaillí agus 33.8% cailíní). Ba laghdú é sin ón mbliain 2002 (45.8%). Ba san aoisghrúpa 12-14 ba mhó a bhain gortú do bhuachaillí agus do chailíní araon. Is mó an seans go léireoidh leanaí ar bhain gortú dóibh go gcuireann obair scoile brú orthu, go ndearnadh bulaíocht orthu nó go ndearna siad féin bulaíocht ar dhaoine eile agus go gcaitheann siad ceithre thráthnóna sa tseachtain nó níos mó lena gcairde. Is lú an seans go léireoidh siad go bhfuil siad sásta lena saol, go bhfuil siad ina gcónaí le beirt tuismitheoirí agus go dtaitníonn an scoil leo. Sa leathanach fhíoras seo, daoine a bheith gortaithe, a thagraíonn ar daoine a bheith gortaithe agus is gá linn cóir liachta ar a laghad uair amháin sa dáréag mhí (bhliain) deireanach.

Cén fáth an t-ábhar seo?

Is é an gortú neamhbheartaithe agus na hiarmhairtí a bhaineann leis, an chúis is mó go gcuirtear leanaí agus daoine óga san ospidéal, go bhfágtar faoi mhíchumas iad, nó fiú go maraítear iad[2]. Is sa bhaile a bhaineann an gortú dóibh go minic[3]. De bhrí go dtarlaíonn gortú do leanaí agus do dhaoine óga chomh minic sin is ceist thábhachtach sláinte phoiblí í[4].

Treochtaí 2002-2006

Tá laghdú beag tagtha ar an gcéatadán leanaí a léiríonn go raibh orthu freastal ar dhochtúir de bharr gortú le linn na bliana roimhe sin. Laghdaigh sé ó 45.8% in 2002 go dtí 42.7% in 2006. Tá laghdú níos mó i gceist i gcás buachaillí (ó 57.1% go 51.1%) ná i gcás cailíní (ó 37.5% go 33.8%) agus tá an laghdú is mó tagtha i gcás leanaí san aoisghrúpa 10-11 (ó 46.2% go 37.1%). Baineann gortú do níos mó buachaillí ná cailíní i ngach aoisghrúpa.



An céatadán ar bhain gortú dóibh, de réir aoise agus inscne

Gortú i gcomhthéacs

- Is lú an seans go mbeidh sé éasca ag leanaí ar bhain gortú dóibh labhairt lena máthair (78.8% vs. 82%) agus leis an gcara is fearr atá acu (87% vs. 88%) ná leanaí nár bhain gortú dóibh.
- Is lú an seans go léireoidh leanaí ar bhain gortú dóibh go bhfuil siad sásta lena saol ná leanaí nár bhain gortú dóibh (48% vs. 51%).
- Is lú an seans go léireoidh leanaí ar bhain gortú dóibh go bhfuil siad ina gcónaí le beirt tuismitheoirí ná leanaí nár bhain gortú dóibh (79% vs. 82%).
- Is mó an seans go léireoidh leanaí ar bhain gortú dóibh go gcuireann obair scoile brú orthu (44% vs. 38%) agus is lú an seans go léireoidh siad go dtaitníonn an scoil leo (63% vs. 72%) ná leanaí nár bhain gortú dóibh.
- Is mó an seans go ndearnadh bulaíocht ar leanaí ar bhain gortú dóibh ná leanaí nár bhain gortú dóibh (29% vs. 21%) agus is mó an seans freisin go ndearna siad féin bulaíocht ar dhaoine eile ná leanaí nár bhain gortú dóibh (29% vs. 17%).
- Níl aon cheangal idir gortú agus aicme sóisialta.



An céatadán de leanaí in aois a 15 a léiríonn gur bhain gortú dóibh agus gur cóir leighis uathu le bliain anuas, de réir tíre theastaigh

Idirnáisiúnta

Rangaítear leanaí in aois a 15 in Éirinn (buachaillí agus cailíní le chéile) sa tríú háit is che i measc 41 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Léiríonn 42% díobh gur bhain gortú dóibh agus gurbh éigin cóir leighis a chur orthu dá bharr. Ar an iomlán, léiríonn 33% de leanaí in aois a 11 in Éirinn (rangaithe sa 39ú háit) agus 40% de leanaí in aois a 13 in Éirinn (rangaithe sa 30ú háit) gur bhain gortú dóibh uair amháin ar a laghad i rith na mbliana roimhe sin.

Impleachtaí

Ó 2002 i leith, tá laghdú beag tagtha ar an gcéatadán leanaí a léiríonn gur bhain gortú dóibh agus gur chuir dochtúir nó altra cóir leighis orthu ar a laghad uair amháin le linn na bliana roimhe sin. Mar sin féin, léiríonn beagnach 43% de leanaí scoile in Éirinn gur bhain a leithéid de ghortú dóibh cé gur dócha go bhfuil an líon iomlán ceilte ag an gcostas ard a bhaineann le cóir leighis a fháil in Éirinn. Ní mór aird a dhíriú ar chineálacha gortaithe faoi leith, ar ghníomhaíochtaí a bhfuil baol gortaithe níos mó ag baint leo agus ar chomhthéacsanna sóisialta a chothaíonn riosca. Ba chóir go gcuirfí na tosca sin san áireamh in aon chlár a bheadh dírithe ar ghortú a sheachaint.

Tagairtí

1. Currie, C., Nic Gabhainn, S., Godeau, E., Roberts, C., Smith, R., Currie, D., Pickett, W., Richter, M., Morgan, A. & Barnekow, V. (eag.) (2008). *Inequalities in young people's health: HBSC international report from the 2005/2006 survey*. Copenhagen: WHO Regional Office for Europe, (Health Policy for Children and Adolescents, No 5.
2. WISQARA (*Web-based Injury Statistics Query and Reporting System*) [database online] (2005). Atlanta, GA, National Centre for the Injury Prevention and Control, Centers for Disease Control and Prevention (http://www.cdc.gov/ncipc/wisqars, accessed 6 November 2008).
3. Morrongiello, B. A., MacIsaac, T. J. & Klemencic, N. (2007). Older siblings as supervisors: does this influence young children's risk of unintentional injury? *Social Science & Medicine, 64*(4), 807-817.
4. Pickett, W., Molcho, M., Simpson, K., Janssen, I., Kuntsche, E., Mazur, J., Harel, Y. & Boyce, W. F. (2005). Cross national study of injury and social determinants in adolescents. *Injury Prevention, 11*(4), 213-218.

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad Beartas um Chothú Sláinte, aonad de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na leanaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna go léir a ghlac páirt sa taighde seo agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Is féidir na bileoga eolais go léir chomh maith le foilseacháin agus tuarascálacha eile de chuid an HBSC a íoslódáil ónár láithreán gréasáin: http://www.nuigalway.ie/hbsc

Déan teagmháil linn ag: hbsc@nuigalway.ie

D'ullmhaigh Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins, Graham Brennan, Pauline Clerkin, Aingeal de Róiste, Clíona Fitzpatrick, Colette Kelly, Michal Molcho, Larri Walker agus Saoirse Nic Gabhainn an bhileog eolais seo.